RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1942 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a mhéid a bhaineann le plandaí *Jasminum polyanthum* Franchet áirithe le haghaidh plandú de thionscnamh Uganda, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 a mhéid a bhaineann leis na bearta fíteashláintíochta i ndáil leis na plandaí sin le haghaidh plandú a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 a mhéid a bhaineann leis na bearta fíteashláintíochta i ndáil le plandaí áirithe *Jasminum polyanthum* Franchet le haghaidh plandú de thionscnamh Iosrael a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún ([2]), ar bhonn réamh-mheasúnú riosca, liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2016/2031 a dhéanamh ar na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo.

(3) Tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh, áiríodh 34 ghéineas agus speiceas amháin de phlandaí le haghaidh plandú, de thionscnamh gach ceann de na tríú tíortha, san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 mar phlandaí a mbaineann ardriosca leo. Áirítear san Iarscríbhinn sin an géineas *Jasminum* L.

(4) Déantar foráil i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún ([4]) maidir le liosta na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó na réad eile, a baineadh den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 agus nach féidir a thabhairt isteach nó a aistriú laistigh de chríoch an Aontais ach amháin má chomhlíontar ceanglais speisialta.

(5) An 4 Nollaig 2019, chuir Uganda iarratas faoi bhráid an Choimisiúin maidir le gearrthóga neamhfhréamhaithe de *Jasminum polynathum* Franchet a onnmhairiú chuig an Aontas. Cuireadh an sainchomhad teicniúil ábhartha isteach leis an iarraidh sin.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena mbunaítear liosta sealadach plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus liosta plandaí nach bhfuil deimhnithe fíteashláintíochta ag teastáil ina leith lena dtabhairt isteach san Aontas, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán sin (IO L 323, 19.12.2018, lch. 10).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca a dhéanamh ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 323, 19.12.2018, lch. 7).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2020 a mhéid a bhaineann leis na bearta fíteashláintíochta maidir le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas, ar ábhair iad a baineadh den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 (IO L 275, 24.8.2020, lch. 5).

(6) An 31 Márta 2022, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar ghearrthóga neamhfhréamhaithe de *Jasminum polyanthum* Franchet ó Uganda ([5]). Shainaithin an tÚdarás *Bemisia tabaci* (pobail neamh-AE), *Coccus viridis*, *Diaphania indica*, *Pulvinaria psidii*, *Scirtothrips dorsalis* agus *Selenaspidus articulatus* mar lotnaidí atá ábhartha maidir leis na plandaí sin le haghaidh plandú.

(7) Rinne an tÚdarás meastóireacht ar na bearta maolaithe riosca a bhfuil tuairisc orthu sa sainchomhad i dtaca le *Bemisia tabaci* (pobail neamh-AE), *Coccus viridis*, *Diaphania indica*, *Pulvinaria psidii*, *Scirtothrips dorsalis* agus *Selenaspidus articulatus* agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbeadh an tráchtearra sin saor ó na lotnaidí sin.

(8) Ar bhonn na tuairime sin, meastar go bhfuil an riosca fíteashláintíochta ó thabhairt isteach i gcríoch an Aontais laghdaithe go leibhéal inghlactha i dtaca le gearrthóga neamhfhréamhaithe de *Jasminum polyanthum* Franchet, de thionscnamh Uganda, ar choinníoll go gcuirtear i bhfeidhm bearta maolaithe iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca lotnaidí a bhaineann leis na plandaí sin le haghaidh plandú. Dá thoradh sin, níor cheart gearrthóga neamhfhréamhaithe de *Jasminum polyanthum* Franchet de thionscnamh Uganda a mheas a thuilleadh mar phlandaí a mbaineann ardriosca leo.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a leasú dá réir.

(10) Meastar gur leor na bearta a bhfuil tuairisc orthu tugtha ag Uganda sa sainchomhad chun an riosca ó thabhairt isteach an tráchtearra i gcríoch an Aontais a laghdú go leibhéal inghlactha. Dá bhrí sin, ba cheart na bearta sin a glacadh mar cheanglais allmhairiúcháin fíteashláintíochta chun cosaint fíteashláintíochta chríoch an Aontais ar thabhairt isteach an tráchtearra sin inti a áirithiú.

(11) Liostaítear *Bemisia tabaci* (pobail neamh-AE) agus *Scirtothrips dorsalis* mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([6]). Níl *Coccus viridis*, *Pulvinaria psidii* ná *Selenaspidus articulatus* san áireamh go fóill i liosta na lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, ach d'fhéadfadh na lotnaidí sin na coinníollacha a chomhlíonadh le bheith san áireamh nuair a bheidh measúnú riosca iomlán déanta.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 a leasú dá réir.

(13) Tugtar le fios i dtuairim an Údaráis nach bhfuil aon taifead ar fáil go dtí seo ar *Diaphania indica* lena mbaineann *Jasminum polyanthum* Franchet mar óstach. Ar an gcúis sin, ní gá aon cheanglas allmhairiúcháin maidir leis an lotnaid sin.

(14) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/419 ([7]) leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 trína shonrú go bhfuil toirmeasc ar phlandaí *Jasminum* L. le haghaidh plandú, seachas gearrthóga neamhfhréamhaithe de phlandaí *Jasminum polyanthum* Franchet le haghaidh plandú de thionscnamh Iosrael, a thabhairt isteach san Aontas. Leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 chun na ceanglais allmhairiúcháin fíteashláintíochta is gá chun a áirithiú go bhfuil an riosca ó thabhairt isteach na bplandaí sin le haghaidh plandú san Aontas ó Iosrael inghlactha. Áiríodh go hearráideach sna ceanglais fíteashláintíochta sin bearta maidir le lotnaid choraintín de chuid an Aontais, is é sin *Scirtothrips dorsalis*. Ós rud é, de bhun Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, go bhfuil toirmeasc ar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais a thabhairt isteach, a choinneáil inti, a iolrú nó a scaoileadh i gcríoch an Aontais, mar aon lena ngluaiseacht laistigh di, níor ghá aon bheart maidir le *Scirtothrips dorsalis* a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213.

([5]) Painéal EFSA PLH (Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí), 2022. *Scientific Opinion on the commodity risk assessment of Jasminum polyanthum unrooted cuttings from Uganda* [Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar ghearrthóga neamhfhréamhaithe de *Jasminum polyanthum* ó Uganda]. *Iris EFSA* 2022;20(5):7300, lch. 83 https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7300.

([6]) OJ L 319, 10.12.2019, p. 1.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/419 ón gCoimisiún an 9 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 maidir le plandaí áirithe a bhfuiltear lena gcur de *Jasminum polyanthum* Franchet de thionscnamh Iosrael agus lena n-oiriúnaítear cóid Ainmníochta Comhcheangailte le haghaidh *Ullucus tuberosus* agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 a mhéid a bhaineann leis na bearta fíteashláintíochta chun na plandaí sin a bhfuiltear lena gcur a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais (IO L 83, 10.3.2021, lch. 6).

(15) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 a cheartú dá réir.

(16) Chun oibleagáidí an Aontais a eascraíonn as comhaontú na hEagraíochta Trádála Domhanda maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chur i bhfeidhm a chomhlíonadh ([8]), ba cheart leanúint ar aghaidh le hallmhairiú gearrthóg neamhfhréamhaithe de *Jasminum polyanthum* Franchet ó Uganda a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Ceartaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([8]) *The World Trade Organization Agreement on the Application of Sanitary and Phytosanitary Measures* (*SPS Agreement*) [Comhaontú na hEagraíochta Trádála Domhanda maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm (Comhaontú SPS)], https://www.wto.org/english/tratop_e/sps_e/spsagr_e.htm.

IARSCRÍBHINN I

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019

I bpointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019, sa dara colún den tábla "Tuairisc", cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála "*Jasminum* L., seachas gearrthóga neamhfhréamhaithe de phlandaí *Jasminum polyanthum* Franchet le haghaidh plandú de thionscnamh Iosrael":

"*Jasminum* L., seachas gearrthóga neamhfhréamhaithe de phlandaí *Jasminum polyanthum* Franchet le haghaidh plandú de thionscnamh Iosrael agus Uganda".

IARSCRÍBHINN II

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213

Sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh "*Jasminum polyanthum* Franchet, iad ina ngearrthóga neamhfhréamhaithe de phlandaí le haghaidh plandú" de thionscnamh Iosrael:

Plandaí, táirgí plandaí nó réada eile	Cód AC	Tríú tíortha tionscnaimh	Bearta
"*Jasminum polyanthum* Franchet, iad ina ngearrthóga neamhfhréamhaithe de phlandaí le haghaidh plandú	ex 0602 10 90	Uganda	(a) Ráiteas oifigiúil ina ndeirtear: (i) go bhfuil na plandaí saor ó *Coccus viridis*, *Pulvinaria psidii* agus *Selenaspidus articulatus;* (ii) gur fásadh na plandaí i láithreán a bhfuil cosaint fhisiceach aige ar thabhairt isteach *Coccus viridis*, *Pulvinaria psidii* agus *Selenaspidus articulatus*; (iii) go raibh an láithreán táirgthe faoi réir cigireacht oifigiúil uair sa mhí ar a laghad chun *Coccus viridis*, *Pulvinaria psidii* agus *Selenaspidus articulatus* a aimsiú, agus gur cinneadh go raibh sé saor ó na lotnaidí sin; (iv) go díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Coccus viridis*, *Pulvinaria psidii* agus *Selenaspidus articulatus* a aimsiú agus go raibh méid an tsampla leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 % maidir le gach lotnaid; (b) go n-áirítear i ndeimhnithe fíteashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise': (i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún'; agus (ii) sonraíocht na láithreán táirgthe cláraithe."

IARSCRÍBHINN III

Ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213

Sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála "*Jasminum polyanthum* Franchet, iad ina ngearrthóga neamhfhréamhaithe de phlandaí le haghaidh plandú" de thionscnamh Iosrael:

Plandaí, táirgí plandaí nó réada eile	Cód AC	Tríú tíortha tionscnaimh	Bearta
"*Jasminum polyanthum*Franchet, iad ina ngearrthóga neamhfhréamhaithe de phlandaí le haghaidh plandú	ex 0602 10 90	Iosrael	(a) Ráiteas oifigiúil ina ndeirtear: (i) go bhfuil na plandaí saor ó *Aonidiella orientalis, Milviscutulus mangiferae, Paracoccus marginatus, Pulvinaria psidii* agus *Colletotrichum siamense*; (ii) gur fásadh na plandaí ar feadh a saoil i láthair tháirgthe atá cláraithe agus a bhfuil na láithreáin táirgthe atá ina gcuid di cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí na tíre tionscnaimh; (iii) gur fásadh na plandaí i láithreán a bhfuil cosaint fhisiceach aige ar thabhairt isteach *Aonidiella orientalis, Milviscutulus mangiferae, Paracoccus marginatus, Pulvinaria psidii*; (iv) go raibh an láithreán táirgthe faoi réir cigireachtaí oifigiúla chun *Aonidiella orientalis, Milviscutulus mangiferae, Paracoccus marginatus, Pulvinaria psidii*, agus *Colletotrichum siamense* a aimsiú ann agus go ndearnadh na cigireachtaí sin gach 3 seachtaine agus nár aimsíodh na lotnaidí sin ann; (v) go díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Aonidiella orientalis, Milviscutulus mangiferae, Paracoccus marginatus*, agus *Pulvinaria psidii* a aimsiú agus go raibh an sampla ar a laghad ar mhéid leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %, agus go raibh siad faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Colletotrichum siamense* a aimsiú, lena n-airítear trí thástáil a dhéanamh ar phlandaí a raibh siomptóim orthu; (b) go n-áirítear i ndeimhnithe fíteashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise': (i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún'; agus (ii) sonraíocht na láithreán táirgthe cláraithe."